# 2030
## CORCA DHUIBHNE
## DINGLE PENINSULA

# Ath-shamhlú

Dingle HUB


NEWKD North, East and West Kerry Development
Forbairt Chiarraí Thuaidh, Thoir agus Thiar

ESB NETWORKS


MaREI Energy · Climate · Marine

Science Foundation Ireland SFI For what's next


Tá fás suntasach tagtha ar dhaonra na hÉireann ó na 1970í ar aghaidh, ach níor tháinig aon fhás ar an daonra i bhformhór pharóistí Chorca Dhuibhne. Is iad An Com agus An Daingean na heisceachtaí ar an dtreocht sin, fad is atá meath leanúnach ar siúl i bparóiste Chlochán Bhréanainn.





Sa bhliain 2016 bhí 18.5% de dhaonra Chorca Dhuibhne os cionn 65 bliana d'aois, i gcompráid le 13.4% go náisiúnta.



Is tithe saoire iad 25% de stoc tithíochta Chorca Dhuibhne agus anuas ar sin tá 12% eile díobh folamh.




Tá spriocanna soiléire ag creatlach polasaí pleanála reatha na hÉireann maidir le ceantracha cathracha agus uirbeacha, ach níl siad chomh soiléir céanna timpeall ar fhorbairt inmharthana ar cheantracha tuaithe, mar atá léirithe thíos i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí 2015-21.

## Tionchar COVID-19


Toisc gurb é an contae in Éirinn is mó atá ag brath ar an dturasóireacht, is cosúil gur Chiarraí is measa a bheidh buailte de bharr paindéim an COVID-19. Sa bhliain 2019;

- Bhí 18% de lucht saothair an chontae ag obair i dturasóireacht agus/nó earnálacha bainteach léi, i gcompráid le 8% go náisiúnta.
- Le 14.6% sa bhreis ar sin ag obair sna hearnálacha mórdhíola agus miondíola.

Sa tuairisc a chuir Comhairle Contae Chiarraí amach le déanaí, 'Tionchar Eacnamaíoch COVID-19 ar Ghéilleagar Chontae Chiarraí', meastar go mbeidh an chailliúint in ioncam ón dturasóireacht i mbliana chomh hard le €400 milliún, nó 70% d'ioncam 2019.


## Príomhfhigiúirí fuinnimh agus astaíochtaí CO2


In 2016, Corca Dhuibhne’s energy demand was 310 GWh, and the associated emissions were 87 ktonne $CO_2$.





Toisc Corca Dhuibhne a bheith ina ceantar tuaithe atá cuíosach iargúlta, is iad an dá éileamh fuinnimh is mó ar an leithinis ná taisteal i gcairteacha príobháideacha agus téamh ar thithe. Sa bhliain 2016 bhí an dá éileamh seo freagrach as beagán le cois leath an éileamh iomlán fuinnimh (310 Gwh).

- Bhí cairteacha príobháideacha freagrach as 28% (87 Gwh), ag astú 22,500 tonna de $CO_2$
- Bhí téamh tithe freagrach as 23% (79 Gwh), ag astú 21,700 tonna de $CO_2$



Sa bhliain 2016 do chaith teaghlaigh Chorca Dhuibhne 8% níos mó ná an meán náisúnta ar leictreachas agus breoslaí téimh/cairteacha, figiúr arbh ionann agus 13 go 15% de bhuiséad an teaghlaigh, i gcásanna áirithe.




## Torthaí ó chruinnithe leis na pobail

I rith Mhí na Samhna 2019 agus Feabhra 2020, d'eagraigh FCTTT, le tacaíocht ón Dr. Breandán Ó Caoimh (tíreolaí agus comhairleoir taighde) agus Ionad MaREI, sraith de chruinnithe pobail i bparóistí Chorca Dhuibhne. Feidhm na gcruinnithe seo ná eolas agus faisnéis tábhachtach faoina gceantar a roinnt ar na daoine agus forbairt a dhéanamh ar phlean fianaise-bhunaithe do thodhchaí inmharthana, le ceisteanna sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta san áireamh.

Le linn na gcruinnithe pobail i Mí na Samhna 2019 aithníodh na ceisteanna seo a leanas;

- Forbairt ar thithíocht dhíonaithe / árais do sheanóirí i sráidbhailte ar fud na leithinse
- Tacaíocht d'fhorbairt pobail agus obair grúpaí pobail / grúpaí deonacha
- Forbairt agus leathnú ar áiseanna agus saoráidí do dhaoine óga
- Feabhas ar sholáthar iompair phoiblí
- Cinntiú go mbíonn feirmeoireacht iomaíoch agus go mbíonn nascanna níos fearr idir feirmeoireacht agus turasóireacht
- Tacaíocht d'úsáid agus d'fhorbairt na Gaeilge; agus
- Giniúint agus úsáid fuinnimh a dhéanamh níos inmharthanaí

Do dháil FCTTT amach ceistneoir chun cur leis an bpróiseas pleanála. B'iad an caoga focal is mó a d'úsáideadh chun cur síos ar Chorca Dhuibhne ná iad seo a leanas:




Le linn na gcruinnithe pobail i bhFeabhra 2020, cuireadh béim ar na tosaíochtaí coiteanna liostálta thíos;

Feidhm a bhaint as an gcóras iompair poiblí agus carr-roinnt chun;

- Gearradh siar ar spleáchas ar chairteacha
- Tacú le rochtain shaoráideach ar an gceantar
- Deiseanna fostaíochta níos fearr a chur ar fáil do dhaoine óga
- Tacú le soláthar áiseanna / cúraim leighis / baincéireachta do dhaoine aosta
- Iompar poiblí a chur ar fáil istoíche

Feabhas a chur ar áiseanna, saoráidí agus tionscadail bainteach le:

- Tránna le Brat Gorm agus áiseanna eachtraíochta eile faoin aer
- Cóireáil séarachais (i ngach sráidbhaile)
- Forbairt ionaid nó moil phobail chun na seirbhísí seo a leanas a sholáthar: béilí ar rothaí, cúram leanaí, ócáidí pobail um thráthnóntaí, seid na bhfear, srl.
- Forbairt ar áiseanna spóirt agus imeachtaí don óige
- Feabhas a chur ar spásanna poiblí – leithris poiblí, bealaí siúil / rothaíochta, spásanna páirceála, fógraíocht stairiúil / seandálaíochta

Tithe a sholáthar do theaghlaigh óga atá ag iarraidh cur fúthu sa cheantar agus do dhaoine atá ag dul in aois;

- Tithíocht dhíonaithe
- Athchóiriú ar thithe tréigthe
- Tús áite a thabhairt do phleanáil do dhaoine áitiúla atá ag iarraidh cónaí buan a dhéanamh sa cheantar
- Plé leanúnach le Comhairle Contae Chiarraí

An Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chosaint trí;

- Phacáistí turasóireachta cultúrtha a chur ar fáil go mbeadh ealaín agus cultúr ar leith an cheantair ina gcuid díobh
- Tionscadal Gaelchara a oibriú
- Tob-Ghaeltachtaí a reachtáil i bpubanna agus/nó caiféanna
- Spásanna / stiúidionna ealaíne a bheith ar fáil do dheiseanna comhoibrithe, le fearas agus uirlisí cearta iontu